Oide

Technology in Education

# Creat Foghlama Digití

## *Leideanna Fhócasghrúpa na Foirne Ceannaireachta*

**Caighdeán 4.1:** An t-athrú a bhainistiú, a threorú agus stiúradh chun freagairt do riachtanais na scoile a bhíonn ag athrú i gcónaí agus d'athruithe san oideachas.

- Cén chaoi ar féidir linn an t-athrú a stiúradh agus a chothú i gcleachtais teagaisc agus foghlama lena mbaineann teicneolaíochtaí digiteacha?
- Cad iad na struchtúir tacaíochta (e.g., an fhoghlaim ghairmiúil, piarfhoghlaim, am pleanála) is éifeachtaí maidir le hathrú teagascach a chur i bhfeidhm?
- Cén chaoi ar féidir linn cothromaíocht a bhaint amach idir an nuálaíocht agus an gá a bhíonn le leanúnachas agus seasmhacht sa teagasc?
- Cén chaoi a dtreoraíonn fianaise nuálaíocht sa teagasc agus san fhoghlaim inár scoil?
- Cén chaoi ar féidir linn tionchar na n-athruithe i straitéisí teagaisc dhigitigh agus i straitéisí foghlama digití ar thorthaí an scoláire a mheas?
- Cad iad na réimsí den chleachtas teagaisc is mó a bhfuil athrú agus nuálaíocht réamhbhreathnaitheach ag teastáil uathu?